Filleann an fón (Simplí)

1. Tráthnóna amháin, chuaigh mise agus mo chairde amach **fá choinne greim le hithe**: *'Pasta Blasta'* an t-ainm a bhí ar an bhialann. Bhí muid **stiúgtha leis an ocras**. Chuir an freastalaí fáilte romhainn.



2. D'fhéach muid ar an bhiachlár **chun béile a roghnú.** Ba é *Pasta na Róimhe* **béile speisialta an tí** an oíche sin agus bhí sladmhargadh ar siúl don deireadh seachtaine. Chonaic mé gúthán póca a bhí caillte ar an urlár in aice leis an fhuinneog.

3. Thug mé an gúthán suas go dtí an freastalaí. Mhínigh mé dó go bhfuair mé an fón ar an urlár agus nach liomsa é. Bhí trua agam don duine a chaill mar bhí a fhios agam **go mbeinn** caillte gan mo ghúthán póca féin!

4. D'ith muid an béile agus bhí sé go blasta. Ní raibh aon duine againn sa bhialann riamh, ach bhí muid cinnte **go mbeimis** ar ais. Bhí **costas réasúnta** leis chomh maith. Go tobann, rith fear isteach **ar lorg a ghútháin**.

5. Thug an freastalaí an gúthán dó agus dúirt sé leis cé a thug isteach é. Bhí an fear an-bhuíoch ar fad. Dúirt sé linn go raibh sé thar a bheith buartha mar bhí an fón **ag teastáil uaidh** don obair.



6. Cheannaigh an fear milseog dúinn mar bhuíochas. D'ordaigh muid uachtar reoite agus bhí muid lán-sásta milseog a fháil **saor in aisce**. Bhí bród orainn fosta go raibh muid ábalta **cuidiú leis an fhear uasal**. Mar a deir an seanfhocail: "**Ar scáth a chéile a mhairimid**".